raon éifeachtaí tocsaineolaíocha géara agus ainsealacha a bheith aige sin dóibh, lena n-áirítear bás[4].

(3) Is Páirtithe Conarthacha iad an tAontas agus a Bhallstáit sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI)[5]. D'fhorbair an Mheitheal um Nimhiú a Chosc Treoirlínte chun an Riosca Nimhithe d'Éin Imirceacha a Chosc ('Treoirlínte'), a glacadh in 2014 le Rún CSI 11.15. Moltar sna Treoirlínte deireadh a chur de réir a chéile le húsáid armlóin luaidhe ar fud na ngnáthóg uile agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáid meáchan iascaireachta luaidhe i limistéir inar léiríodh go bhfuil éin imirceacha go háirithe i mbaol nimhiú luaidhe.

(4) An 16 Iúil 2019, d'iarr an Coimisiún[6] ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, sainchomhad ('sainchomhad Iarscríbhinn XV') a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a bhaineann le luaidhe sna nithe seo a leanas: (i) armlón, lena n-áirítear urchair ghunna a úsáidtear i dtír-raonta seachas bogaigh agus piléir a úsáidtear i mbogaigh agus i dtír-raonta seachas bogaigh araon; agus (ii) tácla iascaireachta. Níor leathnaíodh an sainordú chun úsáidí armlóin le haghaidh lámhach faoi dhíon a chumhdach, ná chun úsáidí ag na póilíní, ag an arm agus ag fórsaí slándála eile a chumhdach.

(5) An 24 Márta 2021, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht sainchomhad Iarscríbhinn XV[7] inar tháinig sí ar an gconclúid go bhfuil riosca ag baint le luaidhe a bheith in armlón agus i dtácla iascaireachta áirithe don chomhshaol agus do shláinte an duine, go háirithe do phobail leochaileacha amhail leanaí, riosca nach rialaítear go leordhóthanach agus nach mór aghaidh a thabhairt air ar bhonn uile-Aontais. Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid gurb é an toradh a bhíonn ar ionghabháil armlóin luaidhe-bhunaithe, tromán luaidhe-bhunaithe ('tromáin luaidhe') agus baoití bréige luaidhe-bhunaithe ('baoití bréige luaidhe') ó fhiach, lámhach spóirt agus gníomhaíochtaí iascaireachta ag éin agus ainmhithe eile nimhiú agus bás ainmhithe go minic. Ina theannta sin, fuair sé amach go bhféadfadh carnadh luaidhe ag raonta lámhaigh spóirt a bheith ina chúis le huisce dromchla luaidhe-thruaillithe a láisteadh isteach i sruthchúrsaí áitiúla agus go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do screamhuisce, rud a d'fhéadfadh daoine, beostoc agus fiadhúlra a nimhiú. Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid freisin go bhfuil rioscaí ann do shláinte an duine a bhaineann le feoil ainmhithe a mharaítear le harmlón luaidhe a chaitheamh, go háirithe i gcás leanaí 7 mbliana d'aois agus níos óige, nó nuair a bhíonn armlón luaidhe nó tromáin luaidhe nó baoití bréige luaidhe á ndéanamh acu sa bhaile.

(6) Mheas an Ghníomhaireacht, má leantar de scaoileadh luaidhe ó lámhach agus iascaireacht san Aontas faoi láthair, go scaoilfear thart ar 876 000 tona luaidhe isteach sa chomhshaol sna 20 bliain amach romhainn. Leis sin, déanfar an méid seo a leanas:

---

4 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), *Background document to the Opinion on the Annex XV dossier proposing restrictions on Lead in shot* [Doiciméad cúlra a ghabhann leis an Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar Luaidhe in urchair], lch. 3. https://echa.europa.eu/documents/10162/28acf817-61a6-3ca6-4e85-a71ef0e07740.

5 https://www.cms.int/en/convention-text.

6 https://echa.europa.eu/documents/10162/17233/rest_lead_ammunition_COM_request_en.pdf.

7 An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, *Annex XV Restriction Report – Lead in outdoor shooting and fishing* [Tuarascáil Srianta Iarscríbhinn XV – Luaidhe i lámhach amuigh faoin aer agus in iascaireacht], 24 Márta 2021, https://echa.europa.eu/documents/10162/da9bf395-e6c3-b48e-396f-afc8dcef0b21.

(i) cuirfear 7 milliún éan ar a laghad i mbaol nimhithe trí thromáin agus baoití bréige a ionghabháil; (ii) cuirfear 135 mhilliún éan ar a laghad i mbaol nimhithe trí urchair ghunna luaidhe a ionghabháil; agus (iii) cuirfear 14 mhilliún éan ar a laghad i mbaol nimhithe trí luaidhe a ionghabháil trí bhia a chaitheamh. Ina theannta sin, mheas an Ghníomhaireacht go mbíonn thart ar 13,8 milliún duine ó theaghlaigh fiagaithe, lena n-áirítear 1,1 milliún leanbh 7 mbliana d'aois nó níos óige, i mbaol nochta luaidhe ó ghéimfheoil gach bliain.

(7) I bhfianaise an mhéid sin, mhol an Ghníomhaireacht srian ar luaidhe in armlón agus i dtácla iascaireachta áirithe lena n-áirítear, *inter alia*, srian ar luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid i dtiúchan atá cothrom le 1 % nó níos mó ná sin i dtromáin, i mbaoití bréige, i sreanga iascaireachta agus i dtromáin intiteáin. Thairis sin, mhol an Ghníomhaireacht oibleagáidí faisnéise a fhorchur ar mhiondíoltóirí na dtáirgí sin agus oibleagáidí lipéadaithe a fhorchur ar sholáthróirí armlóin. Bhí sé i gceist leis an srian atá beartaithe astaíochtaí luaidhe a laghdú thart ar 630 000 tona, agus 48 300 tona de sin ó úsáid luaidhe i dtácla iascaireachta a sheachaint, sna 20 bliain tar éis thabhairt isteach an tsriain sin. Laghdú 72 % a bheadh i gceist leis sin i gcomparáid le cás gan an srian atá beartaithe. Chuirfeadh an srian cosc freisin ar chaillteanas IQ i dtuairim is 7 000 leanbh san Aontas in aghaidh na bliana, rud a d'fhágfadh go mbeadh coigilteas leasa thart ar EUR 70 milliún in aghaidh na bliana ann.

(8) I sainchomhad Iarscríbhinn XV uaithi, shainaithin an Ghníomhaireacht go leor roghanna malartacha ar luaidhe i dtácla iascaireachta (amhail prás, coincréit, púróga, cruach, stán, sinc agus tungstan) ach d'admhaigh sí go ndéanann cuid de na roghanna malartacha sin, go háirithe prás agus sinc, dochar don chomhshaol freisin. Thug an Ghníomhaireacht dá haire go bhfuil roghanna malartacha ar shreanga iascaireachta luaidhe ar fáil go forleathan i siopaí miondíola agus gur féidir teicnící éagsúla a chur in ionad tromán intiteáin, nó tromáin mhalartacha nach bhfuil sé beartaithe iad a scaoileadh le linn úsáide agus, dá bhrí sin, nach mbíonn siad ina gcúis le scaoileadh díreach d'aon ghnó luaidhe isteach sa chomhshaol.

(9) Mhol an Ghníomhaireacht gur cheart feidhm a bheith ag na srianta ar shreanga iascaireachta agus ar thromáin intiteáin a luaithe is féidir, i bhfianaise na roghanna malartacha atá ar fáil agus an ghá atá le scaoileadh díreach agus d'aon ghnó luaidhe isteach sa chomhshaol a chosc. Chun ligean d'oibreoirí dul in oiriúint do na rialacha nua agus na bearta bainistithe riosca is gá a chur i bhfeidhm, mhol an Ghníomhaireacht cur i bhfeidhm iarchurtha na srianta ar earraí seachas sreanga iascaireachta agus tromáin intiteáin laistigh de raon feidhme shainchomhad Iarscríbhinn XV agus cur i bhfeidhm iarchurtha na n-oibleagáidí faisnéise agus lipéadaithe.

(10) Bhreithnigh an Ghníomhaireacht maolú maidir le hurchair scoilte a bhfuil meáchan 0,06g nó níos lú iontu agus a chuirtear ar an margadh i bpacáistíocht atá doirtdíonach agus do-oscailte ag leanaí ach chinn sí an srian a choinneáil mar gheall ar an riosca iarmharach d'éin.

(11) Níl forálacha náisiúnta i bhfeidhm ach ag líon teoranta Ballstát lena gcuirtear toirmeasc ar úsáid luaidhe san iascaireacht chun astaíochtaí luaidhe agus nochtadh do luaidhe a laghdú. Léiríodh i sainchomhad Iarscríbhinn XV go bhfuil gá le gníomhaíocht uile-Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le luaidhe i dtácla iascaireachta áirithe chun leibhéal comhchuibhithe cosanta a áirithiú ar fud an Aontais.

(12) An 2 Meitheamh 2022, ghlac Coiste um Measúnú Riosca (CMR) na Gníomhaireachta tuairim de bhun Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV. Sa tuairim uaidh, d'aontaigh CMR le conclúid na Gníomhaireachta go mbaineann raon leathan rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol araon le húsáid luaidhe san iascaireacht. Tháinig CMR ar an gconclúid gurbh í an srian a mhol an Ghníomhaireacht an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.

(13) Níor thacaigh CMR le maolú le haghaidh urchair scoilte a bhfuil meáchan 0,06g nó níos lú iontu, fiú má chuirtear ar an margadh iad i bpacáistíocht atá doirtdíonach agus do-oscailte ag leanaí, toisc go laghdódh sé sin an leibhéal cosanta comhshaoil a sholáthraítear leis an srian.

(14) Thacaigh CMR leis na ceanglais lipéadaithe agus faisnéise a mhol an Ghníomhaireacht maidir le luaidhe i dtácla iascaireachta áirithe. Mar sin féin, mhol CMR mearbhall a sheachaint tríd an teorainn tiúchana luaidhe lena spreagfaí cur i bhfeidhm na gceanglas a mhéadú ó 0,3 % go 1 % de réir meáchain, chun í a ailíniú leis an teorainn tiúchana lena spreagtar an toirmeasc ar chur ar an margadh agus ar úsáid.

(15) An 2 Nollaig 2022, ghlac an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) tuairim de bhun Airteagal 71(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Tháinig sé ar an gconclúid gurbh é an srian atá beartaithe an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta mar a chinn CMR, ar choinníoll go modhnaítear na coinníollacha mar a mhol CASE. Cuirtear san áireamh sa chonclúid sin comhréireacht shochair shocheacnamaíocha an bhirt lena chostais shocheacnamaíocha.

(16) Níorbh fhéidir le CASE teacht ar chonclúid i dtaobh cé acu a bheadh nó nach mbeadh údar, ar fhorais shocheacnamaíocha, le maolú ar úsáid luaidhe in urchair scoilte a bhfuil meáchan 0,06g nó níos lú iontu. Tharla sé sin mar gheall ar easpa fianaise ar infhaighteacht agus feidhmíocht theicniúil roghanna malartacha agus ar na tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann le srian ar an úsáid sin.

(17) Ní raibh dóthain faisnéise ag CASE chun teacht ar chonclúid i dtaobh an mbeadh údar iomlán leis an gcostas a bhaineann le faisnéis a sholáthar ag an díolphointe (mar a mhol an Ghníomhaireacht agus le tacaíocht ó CMR), nó an bhféadfadh bearta oideachais eile tionchar níos éifeachtaí a imirt ar ghnásaíocht cheannaigh. D'aontaigh CASE le CMR, maidir leis an teorainn tiúchana 1 % de réir meáchain a moladh chun srian a chur le luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid i dtácla iascaireachta áirithe, gur cheart feidhm a bheith aige sin maidir le ceanglais lipéadaithe agus faisnéise freisin chun mearbhall a sheachaint agus chun cuidiú le forfheidhmiú. Thacaigh CASE freisin le togra CMR gan na ceanglais lipéadaithe agus faisnéise a chur i bhfeidhm maidir le roghanna malartacha ina bhfuil copar agus cóimhiotail chopair ach amháin nuair is 3 % de réir meáchain an cion luaidhe nó nuair is mó ná sin é.

(18) Chuathas i gcomhairle leis an bhFóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú (an 'Fóram') i gcomhréir le hAirteagal 77(4), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Cuireadh na moltaí uaidh san áireamh.

(19) An 27 Feabhra 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairim CMR agus CASE[8] faoi bhráid an Choimisiúin.

---

8 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), *Opinion on an Annex XV dossier proposing restrictions on lead and its compounds* [Tuairim maidir le

(20) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV, tuairim CMR agus CASE, an tionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht roghanna malartacha á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil riosca do-ghlactha ann don chomhshaol agus do shláinte an duine de thoradh úsáid luaidhe in armlón agus i dtácla iascaireachta áirithe, agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca sin ar bhonn uile-Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, srian a chur le cur ar an margadh agus úsáid armlóin den sórt sin agus tácla iascaireachta den sórt sin.

(21) Chun castacht a laghdú agus soiléireacht dhlíthiúil a mhéadú, measann an Coimisiún gur cheart dó an srian ar luaidhe in armlón agus i dtácla iascaireachta áirithe, mar a mholtar i sainchomhad Iarscríbhinn XV, a dtugtar aghaidh air i dtuairim CMR agus CASE, agus a ndearnadh measúnú air sa chomhairle a chuir an Fóram ar fáil, a ghlacadh trí bhíthin dhá Rialachán ar leithligh.

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le tácla iascaireachta áirithe a chur ar an margadh le haghaidh iascaireacht tráchtála agus iascaireacht áineasa araon. Os a choinne sin, maidir leis an úsáid, ardaíodh san Fhóram go sonrach an tsaincheist go mbeadh sé an-deacair an toirmeasc ar úsáid le haghaidh iascaireacht áineasa a fhorfheidhmiú ós rud é go mbaineann sé le daoine agus tithe príobháideacha. Ina theannta sin, tiocfaidh laghdú le himeacht ama ar úsáid an tácla iascaireachta le haghaidh iascaireacht áineasa ar aon nós mar thoradh ar an srian ar chur ar an margadh. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an srian ar úsáid tácla iascaireachta áirithe ach amháin maidir le hiascaireacht tráchtála, agus níor cheart úsáid luaidhe i dtácla iascaireachta áineasa a chomhchuibhiú leis an Rialachán seo agus, dá bhrí sin, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit leis an Rialachán seo bearta a ghlacadh chun cosaint an chomhshaoil nó shláinte an duine a áirithiú i ndáil leis sin.

(23) Ba cheart feidhm a bheith ag an srian ar luaidhe i dtácla iascaireachta áirithe maidir le tácla iascaireachta den sórt sin ina bhfuil tiúchan luaidhe 1 % nó níos mó de réir meáchain. Meastar gur leor an teorainn tiúchana 1 % chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta agus gur féidir le táirgeoirí roghanna malartacha í a bhaint amach go héasca, ós rud é gur dócha go mbeidh luaidhe mar eisíontas i gcuid de na roghanna malartacha sin.

(24) Measann an Coimisiún nach bhfuil baol ann go n-ionghabhfaidh éin tromáin a bhfuil meáchan níos mó ná 1 kg iontu agus nár cheart, dá bhrí sin, iad a shrianadh. Measann an Coimisiún freisin gur cheart feidhm a bheith ag an srian ar shreanga iascaireachta agus ar thromáin intiteáin a chur ar an margadh agus a úsáid tar éis tréimhse 6 mhí, chun cosc tapa a chur ar scaoileadh luaidhe isteach sa chomhshaol go díreach agus d'aon ghnó agus an tráth céanna chun dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí oiriúnú don srian. Thairis sin, aontaíonn an Coimisiún leis an nGníomhaireacht, le CMR agus le CASE nach gcuireann meáchan atá iniata, leabaithe nó snáithithe i líon iascaireachta nó i líne iascaireachta leis an riosca sainaitheanta d'ainmhithe, go háirithe d'éin. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nár cheart meáchain den sórt sin a chumhdach leis an srian.

(25) Maidir le baoití bréige iascaireachta ina bhfuil cóimhiotail chopair, tá údar le maolú lena gceadaítear sna baoití bréige sin tiúchan luaidhe níos airde ná 1 % ach níos lú ná 3 % de réir meáchain chun athruithe ar innealra as a n-eascraíonn méaduithe móra ar chostais táirgthe a sheachaint agus táirgeadh leanúnach baoití bréige práis a áirithiú,

---

sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar luaidhe agus ar a comhdhúile], an 2 Nollaig 2022, https://echa.europa.eu/documents/10162/2c82ef18-ce5d-4b4f-8ff0-002932154acc.

